

Logleabhar Samplach do Scoláirí

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin Teicneolaíocht Adhmaid a craoladh ar an 30 Márta 2020 agus is féidir breathnú uirthi ar jct.ie laistigh den tíl tacaí FGL faoi chluaisín na gceardlann roghnach.

Nasc an tSeimineáir Ghréasáin:

https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_wood_technology_elective_workshops



Nasc le
hAcmhainn

Teideal an tSeimineáir Ghréasáin:

“Ceird an Lúbtha agus an Lannaithe a Thabhairt Isteach trí Thasc Dearaidh Scoláirí”.

Is é fócas an tSeimineáir Ghréasáin seo ceird an lúbtha agus an lannaithe a thabhairt isteach trí thasc dearaidh scoláirí. Bainfear úsáid as cur chuige idirdhisciplíneach chun foghlaim a chomhtháthú ó na snáitheanna agus ó na gnéithe den tsonraíocht Teicneolaíocht Adhmaid sa teagasc agus san fhoghlaim a bhaineann leis an aonad foghlama seo. Le linn an tSeimineáir Ghréasáin seo gheobhaidh an múinteoir a fhreastalaíonn blaiseadh ar na nithe seo:

- An phleanáil a bhaineann le haonad foghlama
- Samplaí d'obair na scoláirí
- Teistiméireacht an mhúinteora ag cur síos ar a chuid machnaimh ar ghníomhaíochtaí an tseomra ranga

Faightear sa PDF seo:

Logleabhar samplach na scoláirí a d'fhorbair an múinteoir. D'úsáid na scoláirí an logleabhar seo chun a dturas foghlama a ghabháil ó thús deireadh an aonaid foghlama.

Gabhaim buíochas mór leis an múinteoir a bhí rannpháirteach linn as an acmhainn seo a chur ar fáil d'fhoireann JCT4.

Nóta: Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin agus tú ag úsáid na hacmhainne seo chun í a chur i gcomhthéacs agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar forbraíodh an plan.

Teicneolaíocht an Adhmaid – Logleabhar tionscadail

Dearadh agus déantán a chruthú ar a gcrochfaidh do chóta. Ba chóir go n-áireofaí i gcuid den déantán crúca amháin atá le déanamh as adhmaid lannaithe cuartha. Ní mór an déantán a fheistiú le balla nó le doras agus cúlchlár maisiúil a bheith air.

Pointe Machnaimh:

Cad é atáthar a iarraidh orm a dhéanamh?

Critéir ratha

Cad é an chuma atá ar dhearadh rathúil?

An bhfuil aon ghné den fhadhb ar gá dom níos mó a fháil amach fúithi?

Cineálacha cotaí (trom nó éadrom)?



Adhmaid lannaithe cuartha?

É a fheistiú don bhalla nó do dhoras?

Pointe Machnaimh: Bain úsáid as an spás seo nó do leabhar nótaí chun aon fhaisnéis bhreise a fuair tú amach a thaifeadadh / a sceitseáil a chabhróidh leat do réiteach a dhearadh.

Cad é cuspóir mo chuid taighde?



Cén t-am agus cén áit n-úsáidtear an próiseas seo? (Liostaigh, sceitseáil nó cuir isteach pictiúir de shamplaí príomhúla agus tánaisteacha. Cuir foinsí isteach freisin)

Príomha: _____

Tánaisteach: _____

Ag machnamh ar mo chuid torthaí: Cad é a d'fhoghlaim mé ó mo chuid taighde? Cén fáth a n-úsáidfinn lannú i ndéanamh tionscadail? An bhfuil bealaí eile ann chun adhmaid a lúbadh nó a chuaradh? Cad iad na buntáistí / na míbhuntáistí a bhaineann leis an bpróiseas lannaithe a úsáid thar mhodhanna eile?


Bain úsáid as an spás seo chun nótaí, sceitsí agus pictiúir / íomhánna de shamplaí d'adhmaadóireacht lannaithe cuartha a chur isteach.

Déan sceitse de do smaoinemh / smaointe dearaidh sa spás thíos (páipéar greille isiméadrach 10mm).



Sampla – Forbraíodh é le Seimineár Gréasáin 2020

Machnamh: An bhfuil aon athruithe nó feabhsúcháin ann a d'fhéadfainn a dhéanamh leis an dearadh? Ar chóir dom mo smaoinemh a bheachtú / a mhodhnú chun teacht ar réiteach deiridh?



Cuardaigh agus éist le haiseolas ó dhaoine eile

Tarraing radharc tosaigh (ingearchló) agus radharc taoibhe (ingearchló deiridh) de do dhearadh deiridh. Taispeáin na príomhghnéithe.

Grid for drawing the start and end views of a product.

Mo thacar scileanna

An bhfuil an t-am, na hábhair, an trealamh agus na scileanna agam chun mo smaoineamh a fhíorú? An bhfuil aon chuid de mo dhearadh a éilíonn orm scileanna nua a fhorbairt?



Handwriting lines for notes.

Large empty box for drawing or notes.

Cén cineál fosuithe a úsáidfidh tú chun do dhearadh a fheistiú don bhalla / doras? An bhfuil céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun a chinntiú go gcuireann na fosuithe le haestéic do dhearadh?

Sceitseáil agus lipéadaigh na fosuithe atá sé ar intinn agat a úsáid sa spás thíos.

Large empty box for drawing or notes.

Ag breathnú siar cad é a bhí ar eolas agam cheana féin agus a shíl mé faoin ábhar / bhfadhb / dúshlán a chabhraigh liom?

Handwriting lines for notes.

Ar mhachnamh dom, ar chruthaigh mé réiteach a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscadail/na treorach seo? Má chruthaigh, cén chaoi? Murar chruthaigh, cén fáth?

Handwriting lines for notes.

Cad é a d'fhoghlaim mé agus an tionscadal á dhéanamh agam?

Handwriting lines for notes.

Ag bogadh ar aghaidh dom, conas a d'fhéadfainn feabhas a chur ar an gcaoi a dtéim i gceann mo chéad tionscadail eile. D'fhéadfainn díriú ar...

Handwriting lines for notes.

Bain úsáid as an leathanach seo chun cur síos a dhéanamh ar phróiseas lúbtha agus lannaithe an adhmaid. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorlámhe.

Sampla — Forbraíodh é le
Seimineár Gréasáin 2020

Critéir Ratha

Ainm an Scoláire: _____ Dáta: _____

Bileog do Mheastóireacht Tionscadail

Cad iad na scileanna nua a d'fhoghlaim mé le linn an tionscadail seo?

An bhfuil scileanna a d'fhorbair tú le linn tionscadail eile a chabhraigh leat le linn an tionscadail seo agus má tá, cén dóigh?

Cad é a thaitin leat faoin tionscadal seo?

An raibh aon ghné den tionscadal seo dúshlánach duit agus má rinne, conas a rinne tú é a shárú?

In aon abairt amháin déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le lúbadh agus le lannú adhmaid?
